Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Iúil 2022
(OR. en)

10909/22

SOC 425
EMPL 284
SAN 434

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Johanna BENGTSSON RYBERG, comhalta malartach don tSualainn, in ionad Viktoria BERGSTRÖM, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas go bhfuil Viktoria BERGSTRÖM éirithe as oifig mar chomhalta malartach ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta thuasluaite i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don tSualainn).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na Sualainne don suíochán sin go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2023:

Johanna BENGTSSON RYBERG
Departementssekreterare
Arbetsmarknadsdepartementet
Enheten för arbetsrätt och arbetsmiljö
SE-103 33 Stócólm
Teil.: + 46 8 405 33 74
ríomhphost: johanna.bengtsson.ryberg@regeringskansliet.se

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), a ghlacadh mar mhír ‘A’ ar a clár oibre; agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach de
Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Leis na Cinntí uaithi an 9 Aibreán 2019[2], an 6 Meitheamh 2019[3,4]agus an 8 Iúil 2019[5], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

2. Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Viktoria BERGSTRÖM as oifig.

3. Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Sualainne don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.
[2] IO C 135, 11.4.2019, lch. 7.
[3] IO C 195, 11.6.2019, lch. 4.
[4] IO L 156, 13.6.2019, lch. 3.
[5] IO C 232, 10.7.2019, lch. 4.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Johanna BENGTSSON RYBERG ina comhalta malartach ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Viktoria BERGSTRÖM, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, an…

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán